Údarás na Gaeltachta
Páirc Ghnó an Daingin, Baile an Mhuilinn,
Daingean Uí Chúis, Co. Chiarraí, V92 TX48
☎ +353 (0) 66 9150100 +353 (0) 66 9150101
eolas@udaras.ie www.udaras.ie

**An Cathaoirleach**
**An Bord Pleanála**
**Rannóg Pleanála**
**64 Sráid Maoilbhríde**
**Baile Átha Cliath 1**

AN BORD PLEANÁLA
LDG-
ABP-
22 JAN 2020
Fee: € Type:
Time: By: Post

**21 Eanáir, 2020.**

**Ábhar:** **Forbairt Bonneagar Forbartha Gheileagrach - Cuarbhóthar an N6 do Chathair na Gaillimhe – Faisnéis bhreise shuntasach**

A Chathaoirligh, a chara,

Beatha agus sláinte.

Déanaim tagairt don aighneacht a bhí curtha ag Údarás na Gaeltachta faoi bhur mbráid ar an 21 Nollaig 2018 agus don gcuireadh a fuarthas uaibh i mí Meán Fómhair 2019 ag tabhairt cuireadh dúinn aighneacht bhreise a chlárú libh i ngeall ar fhorbairt an bhonneagair rí-thábhachtach seo atá mar bhun-riachtanas i bhforbairt comhlánanch agus inmharthanach do réigiún an Iarthair agus d'fhorbairt chathair na Gaillimhe agus ceantar Chonamara tré chéile.

Mar atá curtha in iúl duit cheana féin, tá sé mar chúram reachtúil ar Údarás na Gaeltachta polasaithe reatha agus nua-fhorbartha an Rialtais a chur i bhfeidhm i dtaca le forbairt inmharthanach na gceantar Gaeltacht ar a bhfuilimid ag freastal. Tá léiriú ar straitéis forbartha na heagraíochta ar fáil ag www.udaras.ie.

Tugann an Clár Rialtais léargas ar pholasaithe an Rialtais i dtaca le réimse leathan forbartha agus infheistíochta atá dlúth-cheangailte le feidhmiú straitéis Údarás na Gaeltachta. I réimse na forbartha geilleagraí, áirítear anseo, ach go háirithe, na beartais phleanála agus forbartha faoi mar atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, an Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (PGT) agus na Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta do Chruthú Fostaíochta (RAPJ & APJ).

Maidir leis na beartais phleanála fhisiciúila agus eacnamaíochta, tugtar suntas do mhór-chuspóirí na straitéise 'Éire 2040-Ár bPlean', do na RSESs de chuid na gComhthionól Réigiúnach agus do na Pleananna Forbartha atá curtha i bhfearas ag na hÚdaráis Áitiúla. I gcás na forbartha earnála agus forbairt acmhainní nádúrtha ar thír agus ar muir, leagtar béim ar a bhfuil cuimsithe sna beartais pleanála agus infheistíochta faoi mar atá beachtaithe i '*Harvesting our Ocean Wealth*'/Saibhreas ar nAigéan agus '*Food Wise 2025*'.

I mór réimse na forbartha oiliúna agus oideachais a bhfuil d'aidhm acu cur le forbairt agus cumasú réimsí scileanna agus cáilíochtaí táimid tiomanta d'fheidhmiú na mórchuspóirí forbartha atá léirithe sa 'Action Plan to Expand Apprenticeship and Traineeship in Ireland 2016-2020', an tionscnamh Cumas Chun Fáis/'*Skills for Growth*' agus na beartais phleanála atá á riaradh i gcomhar leis agus tríd an bhFóram Scileanna Réigiúnach atá á bhainistiú faoi choimirce na Roinne Oideachais agus Scileanna. Freisin, táimid dílis inár gcuid iarrachtaí chun tacú le feidhmiú na bpolasaithe forbartha agus tacaíochta oideachais a bheidh á gcur i bhfeidhm sa chóras scoile chun tacú le feidhmiú na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge (2010-2030) go príomha.

Ba mhaith liom a chur in iúl duit go bhfuil na doiciméid atá curtha faoinár mbráid (*N6 Galway Ring Road – Request for Further Information Response, Volume 1 – Report, 30 August 2019*) scrúdaithe againn agus go bhfuilimid sásta leis na freagraí atá tugtha ar na hiarratais eolais bhreise a lorgaíodh ag an am sin.

Sa mhéid atá le cur faoi bhur mbráid san aighneacht seo, tagraímid ach go háirithe do bhunús na moltaí sin a rinneamar sa chéad aighneacht a cuireadh faoi bhráid an Bhoird (21 Nollaig 2018) ar a thábhachtaí is atá sé go ndéanfaidh na húdaráis chuí de chuid an stáit cinneadh dearfach i ngeall ar sholáthar an infreastruchtúir fhíor-thábhachtaigh seo. Is iomaí cúis atá léirithe i dtaca leis an mbunús atá ann chun an infheistíocht seo a dhéanamh agus is sa chomhthéacs sin a dhéanaimid bhur n-aird a dhíriú ar na buntáistí a ghabhann leis an bhfhorbairt seo ó thaobh forbairt inmharthana na Gaeltachta agus na Gaeilge mar theanga phobail ach go háirithe.

Tá infheistíocht leanúnach á déanamh ag Údarás na Gaeltachta i réimse leathan de thionscnaimh forbartha, taighde agus pleanála chun cur leis an mbunsraith forbartha agus fostaíochta sa nGaeltacht. I réimse na forbartha seo, táthar ag tacú le réimse leathan de ghnóthaí agus tionscadail tráchtála a tháirgeann táirgí agus seirbhísí a chuireann le luach easpórtála na tíre agus a tháirgeann an cumas is fearr fáis agus na hionchais is fearr chun fostaíocht fadtéarmach inbhuanaithe a chruthú sa Ghaeltacht.

Tá infheistíocht á déanamh againn freisin i mbeartais forbartha gaolmhara a fhreastalaíonn ar chúrsaí teanga, cultúrtha agus oideachais. Tá na cláir infheistíochta seo dírithe ar bhealach chomhtháite ar chur chuige forbartha a bhfuil d'aidhm acu an Ghaeilge a neartú agus a bhuanú mar phríomh-mheán cumarsáide i ngach réimse de shaol an phobail.

Is cuid thábhacht de réigiún an Iarthair é an ceantar Gaeltachta sin atá lonnaithe laistiar de chathair na Gaillimhe. Cuimsíonn Gaeltacht na Gaillimhe codanna fairsinge de Chontae na Gaillimhe. Is é ceantar fairsing Chonamara an ceantar Gaeltachta is mó tíreolaíoch agus is mó daonra sa tír atá leagtha amach thar achar geografach de 1,225 km$^2$. Is ionann seo agus 26% de thalamh uile na Gaeltachta. Maireann daonra de 50,570 (Daonáireamh 2016) i nGaeltacht na Gaillimhe agus is ionann seo agus 51% de dhaonra iomlán na Gaeltachta. Bhí os cionn 3,200 fostaithe (3,090 lánaimseartha agus 166 páirtaimseartha) i 380 clientchomhlacht de chuid an Údaráis i nGaeltacht na Gaillimhe ar an 15 Deireadh Fómhair 2019.

Ónár dtaithí fhada ag cur bheartais éagsúla forbartha agus infheistíochta chun cinn sa gceantar seo, treisimid ar an tionchar mór, follasach atá le himirt ag caighdeán an bhonneagair gheilleagraigh, infreastructhúir na mbóithre agus na seirbhísí iompair ach go háirithe, ar chumas fáis agus cumas iomaíochta na ngnóthaí agus na dtionscail sin a thagann faoin ár gcúram. Is faoi mhór-míbhuntáiste struchtúrtha atá na gnóthaí sin ag trádáil nuair nach bhfuil rochtain go héifeachtach acu ar infreastruchtúr iompair ar chaighdeáin inghlactha rud a chuireann as go mór do chumas trádála agus fáis na dtionscadal seo. Tá soláthar na bunsraithe infreastruchtúir agus iompair seo mar chuid lárnach de chomhdhéanamh an gheilleagair áitiúil agus é ar cheann do na príomh-acmhainní a mbeifí ag súil leis bheith in áit chun go gcuirfí go suntasach le tarraingteach an cheantair forbartha seo ó thaobh infheistíocht nua a mhealladh ann a chuirfidh le fostaíocht agus le deiseanna forbartha.

Inár dtuairim mheáite, tá sé thar a bheith tábhachtach go dtógfar Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe mar chuid lárnach d'iarrachtaí na n-eagras forbartha de chuid an stáit atá tiomanta do chláir forbartha réigiúnaigh agus tionsclaíochta a chuir i bhfeidhm a chabhródh le forbairt agus fás an réigiúin tré chéile.

Le dúnadh Aerfort na Gaillimhe i mí Dheireadh Fómhair 2011, tá sé níos tábhachtaí anois ná riamh go mbeadh an Cuarbhóthar N6 forbartha chun inrochtaineacht chuig Gaeltacht na Gaillimhe a shásamh. Níl ann ach príomh-dhroichead amháin, Droichead na gCúig Chéad le freastal ar cheantar taobh thiar de Loch Coirib le rochtain soir-siar a éascú. Faoi láthair tá an droichead sin imithe thar a chumas iompair agus níl sé in ann freastal sásúil a dhéanamh ar riachtanais tráchta tráchtála na cathrach féin gan trácht ar a bheith ag feidhmiú mar áis rochtana tráchta do Ghaillimh Thiar.

Tagann bunús agus feidhmiú an uaillmhian forbartha dúshlánach sé go dlúth, dílis le mór-chuspóirí forbartha an stáit féin faoi mar atá léirithe sna straitéisí agus sna beartais phleanála a bhfuil tagairt déanta díobh roimhe seo.

I gcás na Gaeltachta, mar thoradh ar an infheistíocht seo buanófar an ceangal agus an inrochtaineach idir na ceantair Ghaeltachta agus an chuid eile den chontae agus den tír, éascóidh sé agus cuirfidh sé dlús le gluaiseacht daoine, infheistíocht agus caipitil idir na ceantair Ghaeltachta sin agus na ceantair agus na margaí máguaird. Cuirfidh an cumas feabhsaithe taistil agus trádála go mór le ceantair Ghaeltachta na Gaillimhe mar láthair a bheidh níos tarraingtí le hobair, cónaí agus maireachtáil ann. Cuirfidh sé le buantacht agus le hinmharthanacht an phobail agus na gréasáin shóisialta ar a bhfuil na pobail sin ag brath.

Tá infheistíocht shuntasach déanta i bhforbairt gheilleagrach Ghaeltacht na Gaillimhe atá spléach ar infheistíocht phríobháideach agus phoiblí araon. Mar chuid den mbunsraith fiontraíochta a bhfuil forbairt déanta uirthí, tá réimse leathan gnóthaí agus tionscadail ar a n-áirítear iad siúd atá ag trádáil i margaí uathúla na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide, na hinnealtóireachta, na gceimiceán agus na cógaisíochta/bithchógaisíochta, na ngníomhaíochtaí closamhairc agus teileachumarsáide, forbairt táirgí leictreonacha, bogearraí, acmhainní nádúrtha mara-

bhunaithe, teicstílí, feistí leighis, seirbhísí trádála idirnáisiúnta, ina n-áirítear seirbhísí airgeadais agus ionaid seirbhísí comhroinnte.

I measc na ngnóthaí sin atá lonnaithe sa gceantar seo tá leithéidí Mylan Teo, Cambus Medical Teo., Proxy Biomedical Ltd, Aran Biomedical, ECC Teo., Sidheán Teo., Micron Clean (Ireland) Ltd., Telegael Teo., ÉireComposites Teo., Inneall Dóiteáin Teo., Oileán Mara Teo agus Bradán Beo Teo.

Treisimid san aighneacht seo go bhfuil sé bun-riachtanach d'fhorbairt agus do bhuanú na ngnóthaí seo atá mar chliaintchomhlachtaí de chuid Údarás na Gaeltachta go mbeidh ar a gcumas earraí a bhogadh go héifeachtach chun freastal ar mhargaí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus chun teacht ar bhun-ábhair táirgeachta. Tá sé rí-thábhachtach freisin do thionscail na mara (táirgí breis-luacha éisc agus sliogéisc ach go háirithe) go mbeidh rochtain chomh sciobtha agus is féidir ag comhlachtaí atá ag trádáil san earnáil seo ar chalafoirt idirnáisiúnta agus aerfoirt chun earraí meatacha a easpórtáil.

Tá forbairt ar thograí nua atá spléach ar fhoinsí fuinnimh inathnuaite agus fiontair nua atá bunaithe ar acmhainní nádúrtha croí-lárnach i bhfeidhmiú straitéis Údarás na Gaeltachta. Mar chuid de na beartais sin, tá tús curtha le forbairt Pháirc na Mara, páirc núalaíochta mara ina mbeidh seirbhísí agus infreastructhúr forbartha chun tacú le gnóthaí gur mian leo infheistíocht a dhéanamh in earnáil na mara. Lonnaithe i gCill Chiaráin i gConamara, tá an suíomh forbartha seo suite thart ar 70km siar ó chathair na Gaillimhe. Beidh forbairt Pháirc na Mara ina cumasóir tábhachtach i leith fhorbairt an tionscail mhuirí ina iomláine, ar leibhéal réigiúnach agus náisiúnta. Beidh an fhorbairt seo agus an infheistíocht a mheallfaidh sí ag brath cuid mhaith ar infreastruchtúr iompair a cheanglóidh na gnóthaí seo go héifeachtach le margaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Ar chuid eile den mbonneagar geilleagrach, tá gréasán digiteach na Gaeltachta le ceangal leathanbhanda ardluais forbartha fud fad na Gaeltachta. Tugtar Mol Digiteach ar na háiseanna seo a chuirfidh seirbhísí forbartha oiliúna agus fiontraíochta ar fáil do ghnóthaí. Té ceithre cinn acu seo lonnaithe i nGaeltacht na Gaillimhe sna Forbacha, An Spidéal, An Ceathrú Rua agus Carna. Beidh an fhorbairt seo spléach freisin ar chaighdeán an infreastruchtúir atá le tógáil mar chuid d'fhorbairt Cuarbhóthair an N6.

Tá forbairt na hearnála turasóireachta lárnach inár bhfís sa tréimhse fhorbartha agus phleanála romhainn agus táthar ag súil an buntáiste is fearr gur féidir a bhaint as Slí an Atlantaigh Fhiáin do phobail Ghaeltachta na tíre. Tugann thart ar 200,000 duine cuairt ar Oileán Árann agus ar Chonamara Thuaidh agus Theas go bliantúil. Tá an Cuarbhóthar N6 atá molta timpeall chathair na Gaillimhe riachtanach ionas go mbeidh rochtain éasca ag turasóirí ar na ceantair seo agus meallfaidh sé breis daoine go hiarthar an chontae. Tá an t-eagras Cósta Gaelach Chonamara agus Árann ag oibriú leis an earnáil turasóireachta i nGaeltacht Chonamara chun í a fhorbairt agus díreoidh sé ar thurasóirí a mhealladh chun blaiseadh d'acmhainní nádúrtha na Gaeltachta, idir theanga, chultúr, oidhreacht agus timpeallacht a fháil.

Chomh fada agus a bhaineann le straitéis Údarás na Gaeltachta tá caighdeán an bhonneagair agus na seirbhísí iompair i measc na riachtanais is criticiúla maidir le hinfheistíocht a mhealladh agus a ghiniúint sna ceantair Ghaeltachta. Is gné bhunúsach é an Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe atá beartaithe in infheistíocht bhonneagair eacnamaíoch an cheantair. Tá an bonneagar riachtanach chun iompair d'ard- chaighdeán a chuirfidh le iomaíochas agus forbairt inmharthanach na Gaeltachta.

Is é ár dtuairim gur constaic mhór é nach bhfuil infreastruchtúr iompair d'ard-chaighdeán in áit a thabharfaidh bealach rochtana ar fáil mar chuid dílis den líonra seirbhísí iompair sa cheantar.

Tacaímid le forbairt an Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe mar go mbeidh tionchar tairbheach aige, ní hamháin ar sheirbhísí iompair na Gaillimhe, ach ar tharraingteacht iarthar an chontae trí chéile mar láthair gnó, infheistíochta, turasóireachta agus mar áit chónaithe.

Iarraimid ar an mBord Pleanála bunús na haighneachta seo a thógáil san áireamh agus sibh i mbun an phróisis chinnteoireachta faoi mar a mbaineann leis an bhforbairt seo agus bunús na hinfheistíochta riachtanaí seo á chíoradh agaibh.

Le meas,

**Dr Éamonn Ó Neachtain**
**Bainisteoir, Rannóg Taighde agus Forbairt Earnála**
**Údarás na Gaeltachta**
**Eanáir, 2020**